



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0379(COD)

14973/22
ADD 3

TELECOM 474
DIGIT 214
CYBER 375
CODEC 1778
IA 193

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Samhain 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2022) 722 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 722 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 722 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2022
SWD(2022) 722 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar
fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach)**

{COM(2022) 720 final} - {SEC(2022) 720 final} - {SWD(2022) 720 final} -
{SWD(2022) 721 final}

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo an mheastóireacht i ndiaidh a chéile ar an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta (CEI) agus an measúnú tionchair le haghaidh beartas treisithe idir-inoibritheachta de chuid Rialtais na hEorpa.

1. FÓCAS BEARTAIS AGUS AN GÁ LE GNÍOMHÚ

Ní aidhm ann féin í idir-inoibritheacht. Is ionstraim í, ceann atá anois ina ghné lárnach de cheapadh agus de chur chun feidhme beartas atá cumasaithe go digiteach. Le hidir-inoibritheacht is féidir le heagraíochtaí idirghníomhú, faisnéis agus eolas a roinnt ar gach leibhéal gan stró trína gcórais TF. Téann sí níos faide ná modhanna teicniúla, teastaíonn comhaontuithe idir eagraíochtaí éagsúla, tuairiscí sonraí comhaontaithe, dlíthe a éascaíonn malartuithe sonraí agus cultúr comhair.

Tá an idir-inoibritheacht fíor-riachtanach le haghaidh mhargadh aonair na hEorpa a bheith ag digitíú níos mó agus níos mó. Tá ról aici i mbeartais earnála, go háirithe na cinn a bhfuil ceangal láidir acu leis an earnáil phoiblí, amhail ceartas agus gnóthaí baile, cánachas agus custaim, iompar nó sláinte, agus i rialáil gnó agus tionscail chomh maith. Téama athfhillteach is ea an idir-inoibritheacht laistigh de na Gréasáin Thras-Eorpacha agus ar fud beartais digiteacha agus beartais sonraí. Tá beartas tiomanta *cothrománach* an Aontais ann don idir-inoibritheacht ar feadh níos mó ná 15 bliana, agus é dírithe go sonrach ar an earnáil phoiblí. Tá clár thacaíochta idir-inoibritheachta á reáchtáil ag an gCoimisiún ó 1995, atá anois mar chuid den Chlár don Eoraip Dhigiteach. Cuireadh CEI le chéile den chéad uair in 2004 agus tugadh cothrom le dáta é in 2010 agus in 2017. Leagann CEI béim ar a thábhachtaí atá sé na gnéithe agus na sraitheanna ábhartha uile – gnéithe teicniúla, séimeantacha, eagraíochtúla agus dlíthiúla a bhreithniú – chomh maith le cur chuige rialachais comhtháite a ghlacadh.

Sa lá atá inniu ann, is é an CEI an creat coincheapúil a nglactar leis go coitianta maidir le hidir-inoibritheacht san Aontas, agus níos faide i gcéin. Mar sin féin, tá sé fós go hiomlán deonach agus ar an gcúis sin, mar a léirítear le meastóireacht an CEI, baineann sé an-leas as a chumas chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun cur chun feidhme beartais a fheabhsú¹. I bhfianaise an méid sin, agus toisc go bhfuil luas faoin gclaochlú digiteach, tá airí agus príomhoifigigh faisnéise na hearnála poiblí (CIONna) ag éileamh níos mó agus níos mó go ndéanfar an comhar idir-inoibritheachta Eorpach a neartú. Roimh COVID-19 cheana féin, d'áitigh siad go ndéanfaí ginearálú ar a chur i bhfeidhm². Neartaíodh an t-éileamh sin mar gheall ar an ngá atá le feabhas a chur ar idirghníomhaíocht dhigiteach trasteorann agus trasearnála le linn na géarchéime.

D'aithin an Coimisiún an gá le gníomhú³ agus gheall sé beartas idir-inoibritheachta treisithe a chur i láthair faoi shamhradh 2022⁴.

¹ Féach torthaí na meastóireachta deiridh ar an CEI, SWD(2022) 720 final.

² Mar shampla, na dearbhuithe aireachta a síníodh in 2017 i dTaillinn (<https://www.mkm.ee/en/objectives-activities/information-society/tallinn-declaration>) agus 2020 i mBeirlín (<https://www.bmi.bund.de/SharedDocs/pressemitteilungen/EN/2020/12/berlin-declaration-digitalization.html>) agus na moltaí ó bhailt shainghrúpa an Choimisiúin maidir le hidir-inoibritheacht seirbhísí poiblí (<https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3714>).

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnú’ i mí Feabhra 2020, COM/2020/67 (https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication-shaping-europes-digital-future-feb2020_en_4.pdf).

⁴ Clár Oibre an Choimisiúin 2022, COM(2021) 645 (https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar%3A9fb5131e-30e9-11ec-bd8e-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_2&format=PDF), lch. 7.

2. CUSPÓIRÍ FADHBANNA AGUS BEARTAIS

Léirítear i dtorthaí mheastóireacht CEI agus an mheasúnaithe tionchair nach leor an beartas idir-inoibritheachta neamhfhoirmiúil atá ann faoi láthair, bunaithe ar bhearta deonacha amháin, chun cabhrú le bacainní trasteorann agus trasearnála a bhaint d'earnáil phoiblí an Aontais. Mar thoradh ar idir-inoibritheacht teoranta seirbhísí agus sonraí na riarachán poiblí san Aontas, tá na seirbhísí poiblí digiteacha teoranta, níl siad in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach agus cuspóir Eorpach a bhaint amach maidir le Margadh Aonair Digiteach a bheith ann. Mar gheall air sin méadaítear costais agus laghdaítear éifeachtúlachtaí ar gach leibhéal de chuid na riarachán poiblí san Aontas Eorpach, cuirtear ualaí riaracháin ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí agus ar lucht riaracháin iad féin, cuirtear moill ar chur chun feidhme beartais na hEorpa ag na Ballstáit agus ar bhaint amach an Mhargaidh Aonair Dhigitigh, cuirtear teorainn leis an acmhainneacht chun bheith nuálaíoch agus cuirtear bac ar cheannasacht dhigiteach an Aontais. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair na spreagthaí faidhbe seo a leanas:

- Rialachas neamhéifeachtach na n-iarrachtaí idir-inoibritheachta idir beartais an Aontais, an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit maidir le gach leibhéal riaracháin (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil) agus earnálacha;
- Easpa sonraíochtaí comhchoiteanna íosta idir-inoibritheachta, réitigh roinnte, caighdeáin; agus
- Easpa cur chuige ‘idir-inoibritheachta mar réamhshocrú’ maidir le beartais an Aontais a dhearadh agus a chur chun feidhme

Tá sé mar aidhm leis an gcreat rialála nua agus leis an gcumarsáid a ghabhann leis an idir-inoibritheacht a neartú chun a áirithiú go n-oibreoidh seirbhísí poiblí digiteacha thar theorainneacha do chách san Eoraip, trí chur chuige comhleanúnach, daonlárnach a chothú maidir le hidir-inoibritheacht a thógfar trí dhearadh ó cheapadh beartas go cur chun feidhme beartas ar fud na hEorpa, lena mbunófar rialachas soiléir agus éiceachóras réiteach agus sonraíochtaí.

Mura ngníomhófar chun idir-inoibritheacht a fheabhsú ní hamháin go ligfí don Aontas an deis an t-ualach riaracháin a laghdú go mór, ach bheadh tionchar diúltach aige ar athléimneacht na riarachán poiblí agus ar a gcumas bheith nuálach. Níl an creat beartais reatha maidir le comhar idir-inoibritheachta deonach thart ar CEI oiriúnach chun idir-inoibritheacht trasteorann a threisiú. Níl cur chuige sistéamach idir-inoibritheachta trí dhearadh ann maidir le ceapadh beartas, acmhainní coiteanna cur chun feidhme, agus comhúinéireacht.

3. ROGHANNA BEARTAIS, AN TIONCHAR A MHEASTAR A BHEIDH ANN AGUS AN ROGHA TOSAÍOCHTA

Sa mheasúnú tionchair seo déantar comparáid idir trí rogha, mar aon leis an mbunlíne maidir le neamhghníomhú. Leanann an bhunlíne agus rogha 1 den chur chuige deonach reatha agus tá forbairt leanúnach de réir a chéile an CEI á lorg ag rogha 1. I roghanna 2 agus 3 moltar gníomhaíocht reachtach, agus tá rogha 2 dírithe ar shásra comhair struchtúrtha a bhunú le sainordú soiléir chun forbairt agus cothabháil leanúnach na gcomhacmhainní idir-inoibritheachta comhaontaithe a áirithiú, chomh maith le cinneadh a dhéanamh maidir le triail chomhchoiteann agus tionscadail tacaíochta beartais dírithe. Díríonn rogha 3, an rogha is forleithne, ar íoscheanglais idir-inoibritheachta Eorpacha is infheidhme go díreach a bhunú sa dlí, arna nuashonrú trí chinntí cur chun feidhme.

Léirítear sa mheasúnú ar na tionchair a mheastar a bheidh ann nach dtabharfaidh an bhunlíne ná rogha 1 aghaidh go leordhóthanach ar na laigí a sainaithníodh i meastóireacht CEI, mar

gheall ar dhreasachtaí comhair teoranta go príomha . Ina theannta sin, ní chomhlíonfadh ceachtar acu ionchais pholaitiúla agus oibríochtúla na mBallstát⁵. Tá coinne leis go mbeidh Rogha 3 éifeachtach, cé gur le himeacht ama amháin a bheidh sé sin le feiceáil agus le hiarracht agus costas cur chun feidhme an-mhór. Meastar nach mbeidh sé chomh héifeachtach sin chun freagairt sholúbtha a sheasfaidh an aimsir a áirithiú ar riachtanais teicneolaíochta agus beartais atá ag teacht chun cinn go tapa. Is dóigh go bhfaighidh Rogha 3 níos lú tacaíocht pholaitiúil freisin mar gheall ar a cineál forleathan agus mar gheall go bhfuil sé an-íogair ó thaobh na coimhdeachta de (e.g., a mhéid a bhaineann le córais leagáide na mBallstát).

Is í Rogha 2 an rogha thosaíochta. Leis an rogha maidir le sásra comhair struchtúrtha a bhunú, tá coinne leis go dtabharfar an chobhsaíocht agus an deimhneacht (dhlíthiúil) a d'iarr na Ballstáit agus, ag an am céanna, go n-áiritheofar an tsolúbthacht is gá d'fhorbairt leanúnach na gcomhacmhainní idir-inoibritheachta, mar fhreagairt ar riachtanais bheartais atá i mbun forbartha. In ionad ceanglais idir-inoibritheachta (íosta) a shonrú go díreach sa dlí (mar a dhéanfaí le rogha 3), díritear i rogha 2 ar cheanglais phróisis a bhunú, atá níos iomchuí d'athrú teicneolaíochta tapa agus atá níos comhréirí ag féachaint don tionchar ar chórais leagáide. Tá coinne leis go gcinnteofar le rialachas idir-inoibritheachta coiteann an Aontais comhar ón mbun aníos agus comhúinéireacht ó bhun anuas ag príomhpháirtithe leasmhara sna Ballstáit, ag cruthú éiceachóras réiteach idir-inoibritheachta roinnte. Éascaítear leis sin rannpháirtíocht luath i ndearadh beartais agus i sainaitheint riachtanas infheistíochta comh-infheistíocht agus feabhsaítear leis cur chun feidhme beartais. Ar na cúiseanna sin, ní bagairt í rogha 2 ach cumasóir don choimhdeacht, ag treisiú athléimneacht na riarachán poiblí agus an cheannasacht dhigiteach.

Ós rud é go n-éascaítear beartais leis, is deacair tionchar díreach na hidirinoibritheachta a chainníochtú. Measadh i staidéar ó Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (JRC)⁶ acmhainneacht iontach coigiltis, nó an costas a bhaineann le neamhghníomhú: d'fhéadfadh saoránaigh suas le 24 milliún uair an chloig a shábháil in aghaidh na bliana mar gheall ar idir-inoibritheacht fheabhsaithe, arb ionann é agus EUR 543 milliún; d'fhéadfadh gnólaigh 30 billiún uair a shábháil nó EUR 568 billiún in aghaidh na bliana. Meastar an coigilteas costais mar gheall ar idir-inoibritheacht trasteorann a bheith idir EUR 5.5 agus 6.3 milliún le haghaidh saoránach, agus idir EUR 5.7 agus 19.2 billiún le haghaidh gnólaigh.

4. PRÓISEAS MEASTÓIREACHTA AGUS MEASÚNAITHE TIONCHAIR

Tógann an tuarascáil mheastóireachta agus an mheasúnaithe tionchair seo, atá i ndiaidh a chéile, ar mheastóireachtaí an CEI agus ar chlár tacaíochta idir-inoibritheachta an ISA² a rinneadh⁷ idir Meán Fómhair 2020 agus Meán Fómhair 2021. Baintear leas ann as anailís a rinne conraitheoir seachtrach neamhspleách⁸ agus ar fhoinsí idirnáisiúnta amhail an OECD. Foinse thábhachtach bhreise don tuarascáil is ea an staidéar a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde a luaitear faoi phointe 3, maidir leis an tionchar ar idir-

⁵ Mar shampla sa chéad chaibidil de na moltaí ón ngrúpa saineolaithe.

⁶ Ulrich, P., Duch Brown, N., Kotsev, A., Minghini, M., Hernandez Quiros, L., Boguslawski, R. agus Pignatelli, F., Na Buntáistí a bhaineann le hidir-inoibritheacht Suíomhanna san Aontas Eorpach a chainníochtú, EUR 31004 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, ISBN 978-92-76-48846-0, doi:10.2760/72064, JRC127330.

⁷ Féach meastóireacht deiridh CEI, SWD(2022) 720 final, agus meastóireacht chríochnaitheach chlár ISA² COM/2021/965 final, SWD/2021/965 final.

⁸ Féach, mar shampla, CEPS (2021): Staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht ar chur chun feidhme CEI, an Coimisiún Eorpach. DOI: 10.2799/58201 agus CEPS (2021): Staidéar a thacaíonn leis an meastóireacht deiridh ar an gclár maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí Eorpacha, do ghnólaigh agus do shaoránaigh (ISA²), an Coimisiún Eorpach. DOI: 10.2799/94683.

inoibritheacht a chainníochtú, bunaithe ar an obair sheanbhunaithe atá á déanamh aige ar idir-inoibritheacht suímh.

I bhfianaise íogaireacht na coimhdeachta maidir le beartas idir-inoibritheachta atreisithe rialtais AE a dhearadh, tá an Coimisiún ag chomhdhearadh roghanna beartais agus ag comhchruthú gnéithe de ghníomh reachtach féideartha le hoifigí CIO na mBallstát le linn 2020 agus 2021. Dá bhrí sin, tugann na moltaí a ghlac grúpa saineolaithe an Choimisiúin de shaineolaithe na mBallstát (CIONna agus ranna claochlaithe dhigitigh) i mí Dheireadh Fómhair 2021 léargas mionsonraithe ar ionchais na bpríomhpháirtithe leasmhara, mar atá na dearbhuithe aireachta a síníodh i dTaillinn in 2017 agus i mBeirlín in 2020.